



An Bhruiséil, 19 Meán Fómhair 2016
(OR. en)

12310/16

**Comhad Idirinstitiúideach:
2015/0310 (COD)**

**VOTE 52
INF 161
PUBLIC 57
CODEC 1280**

NÓTA

- Ábhar:
- Toradh na vótála
 - Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 863/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 2007/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2005/267/CE ón gComhairle
 - Glacadh an ghnímh reachtaigh (GR + R)
 - Toradh an nós imeachta i scríbhinn a tugadh chun críche ar an 14 Meán Fómhair 2016

Tá toradh na vótála maidir leis an ngníomh reachtach thuasluaite in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an nóta seo.

Doiciméad tagartha:

PE-CONS 29/16

a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 20.07.2016

Is in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an nóta seo atá na ráitis agus/nó na míniúcháin a tugadh maidir leis an vótáil.



General Secretariat of the Council

Institution: Council of the European Union
 Session:
 Configuration:
 Item: 2015/0310 (COD) (Document: 29/16)
 Voting Rule: qualified majority
 Subject: Regulation of the European Parliament and of the Council on the European Border and Coast Guard and amending Regulation (EU) 2016/399 of the European Parliament and of the Council and repealing Regulation (EC) No 863/2007 of the European Parliament and of the Council, Council Regulation (EC) No 2007/2004 and Council Decision 2005/267/EC

Vote	Members	Population (%)
Yes	25	100%
No	0	0%
Abstain	0	0%
Not participating	3	
Total	25	

Sitting date: 14/09/2016

Final result



Member State	Weighting	Vote	Member State	Weighting	Vote
BELGIQUE/BELGIË	2,59		LIETUVA	0,67	
БЪЛГАРИЯ	1,68		LUXEMBOURG	0,13	
Ceská republika	2,40		MAGYARORSZÁG	2,27	
DANMARK			MALTA	0,10	
DEUTSCHLAND	18,69		NEDERLAND	3,95	
EESTI	0,30		ÖSTERREICH	1,98	
ÉIRE/IRELAND			POLSKA	8,76	
ΕΛΛΑΔΑ	2,50		PORTUGAL	2,39	
ESPAÑA	10,70		ROMÂNIA	4,58	
FRANCE	15,29		SLOVENIJA	0,48	
HRVATSKA	0,97		SLOVENSKO	1,25	
ITALIA	14,16		SUOMI/FINLAND	1,26	
ΚΥΠΡΟΣ	0,20		SVERIGE	2,26	
LATVIJA	0,46		UNITED KINGDOM		

* When acting on a proposal from the Commission or the High Representative, qualified majority is reached if at least 55 % of members vote in favour (14 MS) accounting for at least 65% of the population

For information: <http://www.constitium.europa.eu/public-vote>

Ráiteas ón Rómáin

Maidir le haithris (60), cuireann an Rómáin i bhfáth gur cheart go gcumhdófaí le haon léiriú ar an gcoincheap “*teorainneacha seachtracha*” teorainneacha na mBallstát a liostaítear in Airteagal 52 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus in Airteagal 1 de Phrótacal 19 maidir le acquis Schengen arna lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh, le tríú tíortha.

Is amhlaidh an cás maidir leis an sainmhíniú a thugtar in Airteagal 2(1) den togra i ndáil le pointe 2 d’Airteagal 2 de *Rialachán (AE) Uimh. 399/2016 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen)*.

Ráiteas ón nGréig

Maidir le hAirteagal 19(1)(b), agus é á chur san áireamh go bhféadfadh cúiseanna éagsúla a bheith ann agus bonn cirt leo nach bhfuil iarraidh ar thacaíocht leordhóthanach, ba mhian leis an nGréig, sula nglacfadh an Chomhairle gníomh cur chun feidhme, go rachadh an Ghníomhaireacht i gcomhairle leis an mBallstát lena mbaineann, lena n-áirítear maidir leis an gcineál tacaíochta a dhéanfadh gur leordhóthanach an iarraidh.

Maidir le hAirteagal 42(4) a chur chun feidhme, measann an Ghréig go mbeidh na Ballstáit Baile tiomanta i gcónaí d’Airteagal 273 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a chur i bhfeidhm de mheon macánta agus gur cuireadh ar fáil cheana féin an comhaontú speisialta dá bhforáiltear in Airteagal 273 CFAE.

A mhéid a bhaineann le hAirteagal 72(2), tuigtear don Ghréig gur cheart aon ionadaíocht dá bhforáiltear sa mhír sin a dhéanamh i gcomhréir lena dlí náisiúnta.

A mhéid a bhaineann le hAirteagal 72(5), measann an Ghréig go gcuirtear gach uile bhreithniú san áireamh leis an nós imeachta dá bhforáiltear sa mhír sin gan tuilleadh roghanna a bheith de dhíth.

Ráiteas ón gCróit

Maidir le hAithris 60, tar éis an phlé an rinneadh sa Chomhairle agus bunaithe ar an tuairim a thug Seirbhís Dlí na Comhairle uaithi, measann an Chróit go bhfuil feidhm ag na tagairtí do Theideal II de Rialachán (AE) Uimh. 2016/399 agus do Phrótacal 19 maidir le acquis Schengen arna lánphairtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh, go bhfuil feidhm acu maidir léi.

Ráitis ón nGearmáin

1. Maidir le hAirteagal 56(3) den togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2007/2004, Rialachán (CE) Uimh. 863/2007 agus Cinneadh 2005/267/CE ón gComhairle, meabhraíonn an Ghearmáin mír 8 den ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ón gCoimisiún Eorpach maidir le gníomhaireachtaí díláraithe, ar i gcomhréir léi ba cheart don Bhallstát is ósta a cheangal air féin [leanúint de] freagairt do riachtanais na gníomhaireachta agus na coinníollacha is gá a chur ar fáil le go n-oibreoidh an ghníomhaireacht go rianúil[, tar éis di a bheith curtha ar bun freisin]. Measann an Ghearmáin go bhfuil sí faoi cheangal aige sin agus nár cheart, mar sin, an fhoclaíocht mar atá a mheas mar fhasach do ghníomhaireachtaí (nua) a bhunú amach anseo, agus iarrann sí ar an gCoimisiún an méid sin a chur san áireamh amach anseo agus tograí inchomparáide á n-ullmhú aige.

2. Ní thagann an Rialtas Cónaidhme le tuairim an Choimisiúin fós maidir le hAirteagal 8(6) de Threoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go mídhleathach a chur ar ais (an ‘Treoir um Fhilleadh’), gur gá í a thrasú i ndlí na Gearmáine. Tá córas éifeachtach faireacháin agus duine á fhilleadh go héigeantach ag an nGearmáin cheana féin. D’fhéadfadh na húdaráis imirce agus na fórsaí póilíneachta cónaidhme agus stáit, mar aon le cúirteanna neamhspleácha, trí bhíthin athbhreithniú breithiúnach, faireachán riaracháin agus teicniúil a dhéanamh freisin agus duine á fhilleadh go héigeantach.

Is d'aon ghnó a bhí foclaíocht Airteagal 8(6) den Treoir um Fhilleadh scaoilte, agus níl rud ar bith sna forálacha sin a chuireann de cheangal ar na Ballstáit comhlacht neamhspleách faireacháin a bhunú. Dá mba amhlaidh an rún agus an Treoir á dréachtú, d'fhéadfaí foráil bhreise den sórt sin a chur sa téacs.

Mar a luaigh an Coimisiún féin sa litir uaidh dár dáta an 16 Deireadh Fómhair 2014, is í gné riachtanach na socruithe maidir le faireachán a dhéanamh agus duine á fhilleadh go héigeantach scrúdú arna dhéanamh ag tríú páirtithe nach bhfuil baint dhíreach acu leis an bpróiseas maidir le filleadh. Tá feidhm aige sin ar a laghad maidir leis an athbhreithniú breithiúnach a dhéantar agus duine á fhilleadh go héigeantach. Ina theannta sin, déantar tagairt in Airteagal 8(6) do 'faireachán agus duine á fhilleadh go héigeantach', agus ní do 'breathnóireacht' agus duine á fhilleadh go héigeantach. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh na cúirteanna faireachán a dhéanamh freisin i ndiaidh an teagmhais, tar éis an achomhairc mar shampla.

Sa bhreis ar athbhreithniú breithiúnach agus riaracháin, bíonn eagraíochtaí neamhrialtasacha agus eaglaise éagsúla ag faire ar bhonn deonach ar aistriú agus ar fhilleadh éigeantach ag príomhaerfoirt sa Ghearmáin. Cé gur mór ag údaráis na Gearmáine rannpháirtíocht thiomanta na n-eagraíochtaí sin sa réimse sin tríd is tríd, níl oibleagáid ar bith ann na gníomhaíochtaí sin a éascú ná ní gá leis an rannpháirtíocht sin i bhfianaise na roghanna faireacháin atá ann cheana a bhfuil cur síos orthu thuas.